

## NA hACHTANNA UM CHOSAINN SONRAÍ 1988 AGUS 2003

### Treoirlínte um Chosaint Sonraí

#### 1. Aidhm na dTreoirlínte seo

Aidhm na dTreoirlínte agus na Nósanna Imeachta seo ná chun cuidiú le baill foirne tacú leis an **bPolasaí um Chosaint Sonraí**, a dhearbhaíonn an tiomantas atá aici chun cearta príobháideachais daoine aonair a chosaint de réir na reachtaíochta. Ba chóir na Treoirlínte seo a léamh in éineacht le **Polasaí Úsáide Inghlactha** agus **Polasaí Ríomhphoist agus Idirlín** na Roinne.

#### 2. Cad iad na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003?

Tá na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003 ceaptha chun príobháideachas duine aonair a chosaint. Tugann na hAchtanna cearta do dhaoine aonair maidir le príobháideachas a sonraí pearsanta chomh maith le freagrachtaí a thabhairt do na daoine sin a dhéanann sonraí den sórt sin a choinneáil agus a phróiseáil. Déanann siad foráil, go háirithe, do bhailiú agus úsáid sonraí i mbealach atá freagrach, agus cosaint a thabhairt i gcoinne úsáidí sonraí gan ghá nó dochracha ag an am céanna.

Ba chóir do gach ball foirne iad féin a chur ar an eolas maidir le forálacha na hAchtanna. Tá tuilleadh eolais ar fáil ar shuíomh Gréasáin Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí [www.dataprotection.ie](http://www.dataprotection.ie)

#### 3. Dualgais na Roinne

Tá Ocht Riail den Chosaint Sonraí a rialaíonn próiseáil na sonraí pearsanta:-

1. An faisnéis a fháil agus a phróiseáil go cóir;
2. Gan í a choinneáil ach amháin chun críche sonraithe agus dlíthiúla amháin nó níos mó;
3. Gan í a phróiseáil ach amháin i mbealaí atá comhoiriúnach chun na críocha ar tugadh í dóibh;
4. Í a choinneáil sábháilte agus slán;
5. Í a choinneáil cruinn agus suas chun dáta;
6. A chinntiú go bhfuil faisnéis leordhóthanach agus ábhartha nach bhfuil iomarcach ann;
7. Gan í a choinneáil níos faide ná mar is gá chun na críche nó chun na críocha sonraithe;
8. Cóip dá s(h)onraí pearsanta a thabhairt do dhuine ar bith, ar iarratas.

Baineann na forálacha seo le **GACH** sonra pearsanta atá á theachtadh. Is é atá i gceist le sonraí pearsanta ná sonraí a bhaineann le duine atá aitheanta nó ar féidir a aithint ó na sonraí iad féin nó in éineacht le faisnéis eile faisnéis eile atá i seilbh na Roinne nó gurb é is dóichí a bheith i seilbh na Roinne. San áireamh tá faisnéis ar bith a bhaineann le duine inaitheanta atá beo. Is féidir na sonraí seo a choinneáil ar ríomhairí nó i gcomhaid láimhe.

Déanann na hAchtanna foráil freisin go bhfuil "dualgas cúraim" ag dul **d'ábhair shonraí**, a chiallaíonn gur chóir dóibh siúd atá i mbun na sonraí a rialú nó a phróiseáil a bheith cúramach nach cúis contúirte nó tochasail a gcuid gníomhaíochtaí do dhaoine atá inmíoch faoi, mar shampla, faisnéis mhíchruinn a choinneáil ar ár gcomhaid, nó sonraí pearsanta a nochtadh do dhuine éigin nach bhfuil i dteideal na sonraí seo.







Glacann an Roinn lena cúraimí Cosanta Sonraí go han-dáiríre. Ní mór don fhoireann agus do na tríú páirtithe uile atá údaraithe chun fáil ar shonraí pearsanta atá faoi sheilbh na Roinne a chinntiú go bhfuil na Treoirí seo ar eolas acu agus go gcloíonn siad leo.

## **7. Sárúithe ar Chosaint Sonraí**

Déanfaidh an Roinn imscrúdú ar na líomhaintí uile de shárúithe amhrasta ar chosaint sonraí. Ba chóir gach gearán, ó gach foinse (e.g. an t-ábhar sonraí, an fhoireann, an bhainistíocht, etc.), a chur ar aghaidh chuig an mbainistíocht líne agus ní foláir dó/di é a chur in iúl don Cheannasaí um Shlándaíl Faisnéise (OP, An Rannóg Bhainistíocht Riosca) láithreach, atá freagrach as na himscrúduithe a chomhordú ar fud na Roinne. Caithfear le sárú iontaoibhe ar bith maidir le rúndacht sonraí pearsanta mar mhí-iompar tromchúiseach faoin gCód Araíonachta agus déanfar breithniú láithreach air lena d(h)ífhosú.

## **8. Tuilleadh Eolais**

Má tá ceist ar bith agat nó má tá soiléiriú uait ar ghné ar bith de na nósanna imeachta agus treoirí seo, téigh i dteagmháil leis an Aonad um Shlándaíl Faisnéise Gnó (ASFG), An Rannóg Bhainistíochta Riosca, Teach Goldsmith. Ba chóir go ndéanfaí an teagmháil ar fad le hOifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí tríd an rannóg seo. Is féidir teagmháil a dhéanamh leis an ASFG ar an bhfolíne 42784.

Tá eolas níos forleithne ar fáil ó shuíomh Gréasáin an Choimisinéara Cosanta Sonraí ([www.dataprotection.ie](http://www.dataprotection.ie))